Alison Ní Dhómhnaill
Banc Ceannais na hÉireann

Baile Átha Cliath 2

An mbaineann an freagra seo le tuairim phearsanta an fhreagróra nó an bhfuil sé déanta thar ceann na heagraíochta thuasluaite?

Thar ceann na heagraíochta thuasluaite

An bhfuil tú toilteanach go bhfoilseofar an freagra seo ar shuíomh gréasáin na Roinne www.ahg.gov.ie?

Tá

Cumarsáid faoi alt 9 den Acht (Litreacha, ríomhphoist & cora poist)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cumarsáid a fhreagairt sa teanga ina bhfuarthas í;
- Faisnéis i scríbhinn nó leis an bpost leictreonach a eisiúint i nGaeilge nó go dátheangach.

1. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
•Tacaíonn an Banc leis an bhforáil san Acht ina gceanglaítear go dtabharfar freagairt ar chumarsáid sa teanga ina bhfuarthas í. •B'fhearr go dtabharfaí sainmhíniú níos soiléire ar téarma 'cor poist'.

Foilseacháin faoi alt 10 den Acht
Dualgais reatha faoin Acht:

- Doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i nGaeilge agus i mBéarla (m.sh. tuarascálacha bliantúla, cuntais iniúchta, tograí beartais phoiblí, ráitis straitéise srl.

2. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Maidir leis an gcinneadh i dtaobh an ceart doiciméad a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla araon, tagann an Banc le tuairim an Choimisinéara Teanga gur cheart go mbeadh an cinneadh sin faoi stiúradh ag leibhéal an éilimh a bhíonn ag an bpobal i gcoitinne ar fhoilseacháin. Ní éileamh follasach ar fhoilseacháin Ghaeilge de chuid an Bhainc Ceannais le feiceáil, amhail an Tuarascáil Bhliantúil nó an Ráiteas Bliantúil Feidhmíochta. Le foilsiú na dtuarascálacha sin i nGaeilge agus i mBéarla, forchuirtear costas ar an mBanc nach bhfuil inchosanta i bhfianaise an éilimh. Síleann an Banc gurbh eifeachtaí mar chur chuige go ndéanfaí an Achoimre Feidhmiúcháin den

Tuarascáil Bhliantúil a aistriú go Gaeilge laistigh de chorp na Tuarascála féin. Ina theannta sin, cé go bhfuil an Banc den tuairim gur cheart go n-aistreofaí go Gaeilge foilseacháin eile a mbeadh spéis ag tomhaltóirí/ag an bpobal i gcoitinne iontu, ní shíleann sé gur cheart go gceanglófaí foilseacháin atá dírithe ar thionscal nó foilseacháin theicniúla a aistriú. D'fhéadfaí treoirlínte ní ba shoiléire a leagan síos maidir le sainmhínithe a thabhairt ar théarmaí amhail "foilseacháin", "an pobal", "tograí beartais phoiblí" agus "doiciméid a bhfuil tábhacht mhór phoiblí ag baint leis". Déanann an Banc doiciméid áirithe a fhoilsiú go comhuaineach i bhfoirm leictreonach agus i gcóip chrua, ach ar chúiseanna eacnamaíocha agus éifeachtúlachta, tá an Banc den tuairim gur leor na doiciméid sin a fhoilsiú go comhuaineach i bhfoirm leictreonach.

Comharthaí, stáiseanóireacht & fógairtí taifeadta béil faoi na Rialacháin faoin Acht (I.R. Uimh. 391 de 2008)
Dualgais reatha faoin Acht:

- Cloí leis na Rialacháin maidir le húsáid na Gaeilge agus an Bhéarla ar chomharthaí, ar stáiseanóireacht agus i bhfógairtí taifeadta béil.

3. I do thuairimse, an leor na dualgais seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
Tá an Banc den tuairim gur cheart athbhreithniú a dhéanamh ar an sainmhíniú ar stáiseanóireacht. Síleann an Banc go bhfuil an sainmhíniú róleathan agus nár cheart lipéid, clúdaigh chomhad agus fillteáin eile a áireamh ann. Ina theannta sin, d'fhéadfaí an sainmhíniú ar chomharthaí a shoiléiriú. Tá an Banc den tuairim nach ionann acmhainní a úsáid go héifeachtúil agus gach comhartha sa Bhanc a bheith dátheangach. Aon chomharthaí a bheadh ar taispeáint don phobal i gcoitinne, ba cheart go mbéidis sin dátheangach.

Scéimeanna Teanga faoin Acht
Is iad na scéimeanna teanga croílár an Achta Teanga. Leagtar amach sna scéimeanna teanga an córas trína bhforbraíonn comhlachtaí poiblí a gcuid seirbhísí trí Ghaeilge thar thréimhse ama. Is trí na scéimeanna teanga a dhéileáiltear le húsáid na Gaeilge ar shuíomhanna gréasáin, ar bhileoga, ar bhróisiúir, ar fhoirmeacha, trí sheirbhísí teileafóin, trí sheirbhísí idirphearsanta eile, trí sheirbhísí ar líne srl.

4. (a) I do thuairimse, an bhfuil córas na scéimeanna teanga sásúil, an bhfuil sé iomarcach nó an dteastaíonn leasú air?
Glacadh Scéim Teanga an Bhainc Ceannais in 2006. Tíolacadh dréacht-Scéim nua don Roinn in 2009 ach níor deimhníodh fós í. B'fhearr dá ndéanfaí scéimeanna a dheimhniú nuair a bhéidis dlite. I Scéim tosaigh, reatha an Bhainc, tagraítear do dhualgais maidir le feidhm tomhaltóra ar leith nach dtagann faoi shainchúram an Bhainc a thuilleadh ó tharla gur aistríodh chuig an nGníomhaireacht Náisiúnta Tomhaltóirí í, gníomhaireacht nach bhfuil Scéim dá cuid féin i bhfeidhm aici. Leis an méid seo, cruthaítear neamhréireachtaí i soláthar seirbhísí ón tseirbhís phoiblí do thomhaltóirí.

4. (b) An bhfuil malairt córais a mholfá a bheadh níos éifeachtaí agus níos éifeachtúla?

Is dealraitheach gur cur chuige níos éifeachtúla atá sa chur chuige a leag an Coimisinéir Teanga amach agus a bhaineann le córas comhchaighdeán i leith scéimeanna laistigh d'earnáil chomhchosúil phoiblí. Leagtar amach sa togra cur chuige comhtháite ina n-athneofaí na seirbhísí sin trí Ghaeilge a mbeadh an t-éileamh is mó orthu. Dhéanfaí comhlachtaí poiblí a eagrú ina n-aicmí éagsúla ag brath ar an leibhéal seirbhíse a sholáthraíonn siad don phobal i gcoitinne. Bheadh leibhéal seirbhísí Gaeilge ar leith i gceist le gach aicme. Leis an gcóras seo, bheadh sé ní ba shoiléire don phobal i gcoitinne cén leibhéal seirbhísí a bheadh ar fáil dóibh sna haicmí éagsúla laistigh den earnáil phoiblí. Leis an gcóras sin freisin, dhéanfaí caighdeánú ar na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag an earnáil phoiblí agus dhéanfaí soiléiriú ar na hionchais ina leith.

Seirbhísí ó chomhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht
Sa chaoi is gur féidir leis an Stát tacú le stádas agus le húsáid na Gaeilge sa Ghaeltacht, tá sé an-tábhachtach go mbeidh pobal na Gaeltachta ábalta a ngnóthaí oifigiúla a dhéanamh leis an Stát trí Ghaeilge.

5. (a) An bhfuil tú sásta leis na seirbhísí atá á soláthar trí Ghaeilge ag comhlachtaí poiblí sa Ghaeltacht?
Níl an Banc ábalta freagra a thabhairt ar an gceist seo ach ba cheart go dtabharfaí ar aird go ndéanann an Banc cumarsáid trí Ghaeilge le comhair chreidmheasa atá lonnaithe sa Ghaeltacht a dhéanann teagmháil leis an mBanc trí Gaeilge.

5. (b) An bhfuil leasuithe a mholfá a chuirfeadh le héifeachtacht agus le héifeachtúlacht na gcomhlachtaí poiblí sa réimse seo?
N/A.

Forálacha eile faoin Acht
Tá forálacha eile san Acht a dhaingníonn cearta maidir le húsáid na Gaeilge san Oireachtas, sna cúirteanna agus i gcóras logainmneacha an Stáit.

6. I do thuairimse, an leor na forálacha seo, an bhfuil siad iomarcach nó an dteastaíonn leasú orthu?
N/A

Comhlachtaí poiblí faoin Acht
Cuireann an tAcht dualgas ar chomhlachtaí poiblí, atá liostaithe faoin Acht, seirbhísí a sholáthar trí Ghaeilge. Tá liosta iomlán na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht ar fáil ag www.ahg.gov.ie.
Tá na comhlachtaí poiblí seo a leanas liostaithe faoin Acht – Ranna agus oifigí Rialtais, údaráis áitiúla, ollscoileanna, institiúidí tríú leibhéal eile, coistí gairmoideachais, an Garda Síochána, an tSeirbhís Chúirteanna, na Coimisinéirí Ioncaim, Feidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte, gníomhaireachtaí, boird & cuideachtaí Stáit eile.

7. I do thuairimse, an bhfuil liosta na gcomhlachtaí poiblí faoin Acht cuí nó an dteastaíonn leasú sa réimse seo?
N/A

Oifig an Choimisinéara Teanga
Is faoin Acht a bunaíodh Oifig an Choimisinéara Teanga. Is é príomhról na hOifige ná monatóireacht a dhéanamh ar chur i bhfeidhm an Achta.

8. I do thuairimse, an bhfuil cumhachtaí agus feidhmeanna na hOifige sin dóthanach nó iomarcach agus an dteastaíonn leasuithe orthu?
Is cosúil go bhfuil feidhm chomhlíonta an Choimisinéara Teanga leordhóthanach

Go ginearálta

9. An bhfuil leasuithe eile a mholfá ar an Acht le cinntiú gur reachtaíocht í atá oiriúnach agus cuí dá feidhm?
N/A

10. Céard iad na seirbhísí trí Ghaeilge a bhfuil éileamh agat féin orthu ó chomhlachtaí poiblí nó an gceapann tú gur cheart tosaíocht a thabhairt dóibh?
N/A

11. Céard iad na constaicí nó na deacrachtaí a fheictear duit a bhaineann le seirbhísí ar chomhchaighdeán a sholáthar i nGaeilge ag comhlachtaí poiblí?
Seolann comhlachtaí poiblí éagsúla cineálacha éagsúla gnó agus, dá bhrí sin, bheadh sé deacair ar dhaoine den phobal fios a bheith acu i dtaobh an leibhéal seirbhísí trí Ghaeilge a bheadh le fáil acu ó chomhlachtaí poiblí. Chomh maith leis sin, d'fhéadfadh go mbeadh sé deacair ar chomhlachtaí poiblí áirithe an leibhéal céanna seirbhísí a chur ar fáil i bhfianaise éagsúlacht raon agus chineál na seirbhísí a sholáthraíonn siad.

12. Céard iad na leasuithe a mholfá ar an Acht le forbairt a dhéanamh ar sheirbhísí Stáit trí Ghaeilge ar bhonn éifeachtach agus éifeachtúil ó thaobh costais de?
•Ba cheart go leagfaí síos treoirlínte níos soiléire maidir le sainmhínithe ar ghnéithe áirithe den reachtaíocht chun go mbeadh sé níos éasca cinneadh a ghlacadh i dtaobh cé na doiciméid a bheadh le foilsiú sa dhá theanga; •Maidir leis an gcinneadh i dtaobh an ceart doiciméad a fhoilsiú i nGaeilge agus i mBéarla araon, ba cheart go mbeadh an cinneadh sin faoi stiúradh ag an leibhéal éilimh a bhíonn ag an bpobal i gcoitinne ar fhoilseacháin; •D'fhéadfaí comhchaighdeáin maidir le Scéimeanna a thabhairt isteach i gcomhréir leis an gcineál seirbhíse atá á sholáthar ag comhlacht poiblí; •D'fhéadfaí

modhanna níos soiléire um thomhas feidhmíochta agus um thuairisciú a thabhairt isteach do chomhlachtaí poiblí atá ag feidhmiú laistigh den reachtaíocht.